**GA**

COIMISIÚN NA gCOMHPHOBAL EORPACH

An Bhruiséil10.10.2007
COIM(2007) 593 leagan deireanach

2007/0214 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le cineál-cheadú mótarfheithiclí faoi thiomáint hidrigine agus lena leasaítear Treoir 2007/46/EC**

(arna thíolacadh ag an gCoimisiún)

{SEC(2007) 1301}
{SEC(2007) 1302}

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1) COMHTHÉACS AN TOGRA

### Forais agus cuspóirí an togra

Is é aidhm an togra rialacha comhchuibhithe a leagan síos maidir le tógáil mótarfheithiclí d'fhonn feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a chinntiú agus soláthar a dhéanamh ag an am céanna d'ardleibhéal sábháilteachta poiblí agus cosanta comhshaoil.

Le go bhfeidhmeoidh an margadh aonair san Aontas Eorpach mar is cuí ní mór cloí le caighdeáin choiteanna maidir le cineál-cheadú feithiclí faoi thiomáint hidrigine. Má théitear i mbun gníomhaíochta ag leibhéal an Chomhphobail ní féidir do chaighdeáin éagsúla táirge a eascairt ar fud na mBallstát, rud a mbeidh ilroinnt an mhargaidh inmheánaigh agus bacainní neamhriachtanacha d'fhorchur ar an trádáil laistigh den Chomhphobal de thoradh air.

Ag an am céanna tar éis gur léir go mbaineann ceisteanna sábháilteachta le húsáid hidrigine i dtaca le tiomáint feithicle ba chóir a chinntiú go mbeidh córais hidrigine chomh sábháilte céanna agus teicneolaíochtaí traidisiúnta tiomána.

### Comhthéacs Ginearálta

Ní foinse fuinnimh atá i hidrigin ach iompróir fuinnimh a bhfuil tuar dóchais inti.

Is réiteach neamhdhíobhálach don chomhshaol ar cheist na gluaiseachta úsáid hidrigine mar bhreosla le haghaidh feithiclí bóthair.

Is é an fáth atá leis sin má úsáidtear hidrigin mar bhreosla, bíodh sé i gcillíní breosla nó in inneall dócháin inmheánaigh ní thagann aon astuithe carbóin as an bhfeithicil nó ní thairgeann sí aon gháis cheaptha teasa. Má tháirgtear an breosla ar bhealach inbhuanaithe d'fhéadfadh úsáid na teicneolaíochta seo cuidiú go mór le feabhsú an chomhshaoil.

Ag an bpointe seo áfach níl feithiclí faoi thiomáint hidrigine cuimsithe i nós imeachta an Aontais Eorpaigh um fheithiclí a chineál-cheadú. Is é toradh na staide seo go bhfuil ilroinnt sa mhargadh inmheánach maidir leis na feithiclí seo, rud a fhágann go mbíonn easpa misnigh ann an teicneolaíocht seo atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a thabhairt isteach.

Ina theannta sin is substaint í an hidrigin ag a bhfuil tréithe atá éagosúil leis na breoslaí traidisiúnta a mbaintear úsáid astu le haghaidh tiomáint feithicle. D'fhonn na buntáistí ó thaobh an chomhshaoil a bhaineann le húsáid feithiclí hidrigine a réadú, ba chóir a líon díobhsan i gcabhlach iomlán na bhfeithiclí a mhéadú. Ar na mórthosca is cúis leis an méadú ar líon na bhfeithiclí hidrigine ar na bóithre tá an mhuinín ag an bpobal as an teicneolaíocht nua seo.

### Forálacha atá ann i réimse an togra

Níl aon fhorálacha i réimse an togra faoi láthair.

### Comhchuibheas maidir le polasaithe agus le cuspóirí eile an Aontais

Tá an togra ag réiteach go hiomlán le haidhmeanna Straitéis Forbartha Inbhuanaithe an Aontais Eorpaigh agus cuidíonn sé go mór le cuspóirí straitéis Liospóin.

## 2) COMHAIRLIÚCHÁN LE PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS MEASÚNÚ IARMHARTA

### Comhairliúchán le páirtithe leasmhara

*Modhanna comhairliúcháin, príomhearnálacha ar díríodh orthu agus próifíl ghinearálta na bhfreagróirí*

Le linn don Choimisiún an togra a chur chun cinn chuathas i gcomhairle le páirtithe leasmhara ar roinnt bealaí:

- Chuathas i mbun comhairliúcháin leis an nGrúpa Oibre um Hidrigin. Is grúpa oibre í sin de pháirtithe leasmhara ar saineolaithe iad agus atá freagrach as tacaíocht a thabhairt don Choimisiún maidir le ceisteanna a bhaineann le cineál-cheadú feithiclí hidrigine. Tá réimse leathan de pháirtithe leasmhara gafa le hobair an ghrúpa seo: údaráis náisiúnta, déantóirí feithiclí, soláthraithe comhpháirteanna agus cumainn tionscail.

- Cuireadh amach ceistneoir chuig páirtithe leasmhara i mí an Mheithimh 2006 maidir le roghanna polasaí féideartha i dtaca leis an gcreat cineál-cheadaithe le haghaidh feithiclí hidrigine. Bhí sé d'aidhm ag an gceistneoir dearcadh na bpáirtithe leasmhara maidir leis an rogha is fearr agus le costais bhainteacha an chineál-cheadaithe i ndáil le gach ceann de na roghanna seo a bhailiú.

- Ceapadh sainchomhairleoir chun ionchur a sholáthar maidir leis an measúnú iarmharta maille le comhairle theicniúil faoin dréacht-togra le haghaidh rialacháin ionchasaigh.

- D'fhonn tuiscint níos fearr a fháil ar impleachtaí na roghanna polasaí d'eagraigh an sainchomhairleoir cruinnithe le cuideachtaí tábhachtacha gluaisteáin atá gafa le teicneolaíocht na hidrigine chun breis sonraí faoi shábháilteacht, faoi theicneolaíocht agus faoi na costais ghaolmhara a ghiniúint.

- Rinneadh láithreoireachtaí do pháirtithe leasmhara tábhachtacha ón nGrúpa Oibre um Hidrigin le linn an dara leath de 2006 agus go luath i 2007 faoi thorthaí an obair a rinne an sainchomhairleoir.

- Cuireadh réamhdhréacht an togra le haghaidh Rialacháin maidir le cineál-cheadú feithiclí hidrigine go dtí comhairliúchán poiblí i mí Iúil 2006. Ghin an comhairliúchán thart ar 20 freagairt ó réimse leathan de pháirtithe leasmhara éagsúla.

*Achoimre ar na freagairtí agus ar an gcaoi ar cuireadh san áireamh iad*

Le linn an chomhairliúcháin idirlín tharraing páirtithe leasmhara roinnt saincheisteanna anuas.[1] Sa mheasúnú iarmharta a ghabhann leis an togra seo cuirtear cuntas iomlán ar fáil maidir leis na saincheisteanna substaintiúla a tarraingíodh anuas agus pléitear an chaoi ar cuireadh san áireamh iad.

**Bailiú agus úsáid saineolais**

*Na fearainn eolaíochta/saineolais atá i gceist*

D'éiligh an togra go ndéanfaí anailís ar na forálacha sábháilteachta riachtanacha agus go ndéanfaí measúnú ar na roghanna polasaí atá ar fáil agus ar na tionchair ghaolmhara ar gheilleagar, ar shochaí agus ar chomhshaol.

*An Mhodheolaíocht a úsáideadh*

Seo leanas an obair a rinne an sainchomhairleoir:

---

1 http://ec.europa.eu/enterprise/automotive/pagesbackground/hydrogen/consultation/contributions.htm

- athbhreithniú ar an litríocht ábhartha d'fhonn saincheisteanna sábháilteachta agus comhshaoil a bhaineann le tabhairt isteach feithiclí hidrigine a shainaithint;
- bailiú agus measúnú faisnéise ar thionchar na roghanna éagsúla polasaí ar shábháilteacht phoiblí, ar an gcomhshaol agus ar an ngeilleagar;
- measúnú ar fhreagairtí páirtithe leasmhara ar an gceistneoir a sheol seirbhísí an Choimisiúin amach i mí na Mheithimh 2006 maidir leis na roghanna polasaí atá ar fáil;
- tionchar roghanna polasaí maidir le sábháilteacht phoiblí, leis an gcomhshaol agus leis an ngeilleagar i dtéarmaí cáilíochta agus cainníochta a chur i gcomparáid lena chéile;
- athbhreithniú ar riachtanais theicniúla dréacht-togra le haghaidh rialacháin ionchasaigh maidir lena chumas aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna sainaitheanta sábháilteachta.

*Na príomheagraíochtaí/saineolaithe a ndeachthas i gcomhairle leo*

Is é TRL Teo. san RA a sholáthair ionchur le haghaidh an mheasúnaithe iarmharta maille le comhairle theicniúil faoin dréacht-togra le haghaidh rialachán ionchasach.

*Achoimre ar an gcomhairle a fuarthas agus a úsáideadh*

Bhain an Coimisiún úsáid as tuarascáil an tsainchomhairleora mar ionchur in anailís na roghanna polasaí éagsúla. Roghnaíodh an rogha polasaí is fearr ar bhun anailís chostsochair, mar atá mínithe sa mheasúnú iarmharta a ghabhann leis an togra.

*Modhanna a úsáideadh chun comhairle na saineolaithe a chur ar fáil don phobal*

Tá tuarascáil an TRL ar fáil ar shuíomh idirlín AS Fiontair agus Tionscail.[2]

**Measúnú iarmharta**

Rinneadh meas ar cheithre rogha polasaí:

(1) *Gan athrú ar pholasaí:* Dá mbaintí úsáid as an rogha seo ní bheadh breis athruithe ar an staid a bhfuil cúrsaí. Faoi láthair níl feithiclí faoi thiomáint hidrigine cuimsithe i raon feidhme reachtaíocht chineál-cheadaithe an Aontais Eorpaigh. Mar sin is féidir le Ballstáit cineál-cheadú faoi leith a dheonú gan reachtaíocht a thabhairt isteach.

Mura n-athrófar polasaí maidir le cineál-cheadú feithiclí hidrigine is mór an baol go lagófaí córas feidhmithe an mhargaidh inmheánaigh. De thoradh air sin bheadh iarmhairtí substaintiúla costais ar dhéantóirí agus bheadh drochthionchar ar shábháilteacht phoiblí ag roinnt leis.

Sa chás nach n-aithreofar polasaí is mór an baol go mbeidh droch-chaighdeán an aeir agus ardeibhéil torainn i gcathracha an Aontais Eorpaigh ina shaincheist de bhrí go mbeidh drochthionchar ar bhonn leanúnach ag truailliú aeráide agus ag torann ar shláinte an duine daonna.

Bheadh cóireáil mhíchothrom déantóirí feithicle maidir le nós imeachta cineál-cheadaithe na feithicle de thoradh ar an rogha polasaí sin agus ní bheadh aon intuarthacht ann do dhéantóirí agus iad i mbun feithiclí a dhearadh. De bhreis air sin

[2] http://ec.europa.eu/enterprise/automotive/pagesbackground/hydrogen/hydrogen_final_report.pdf

ba chonstaic shubstainteach é i ndáil le teicneolaíocht hidrigine a chur chun cinn san AE.

Dá bhrí sin ní mheastar an rogha polasaí seo a bheith inmharthana.

(2) *Reachtaíocht ag leibhéal Ballstáit:* Dá mbaintí úsáid as an rogha polasaí seo níor mhór reachtaíocht a ghlacadh ag leibhéal Ballstáit chun freastal a dhéanamh do thabhairt isteach feithiclí hidrigine.

Dá dtagadh éagsúlacht ó thaobh caighdeán chun cinn sna Ballstáit mhairfeadh an ilroinnt maidir le cineál-cheadú feithiclí i gcónaí, rud a d'fhágfadh go mbeadh déantóirí ag tabhairt aghaidh ar róchostais forbartha agus cineál-cheadaithe agus inrochtaineacht theoranta ar mhargadh. Ní chuirfeadh an rogha polasaí réiteach ar fáil maidir leis an neamhchinnteacht a bhaineann le feithiclí faoi láthair agus dá bhrí sin chuirfeadh sé in aghaidh breis infheistíochta i dteicneolaíocht na hidrigine.

I gcomparáid leis an rogha *'Reachtaíocht ar leibhéal an AE'* is é an toradh a bheadh ar an rogha polasaí seo go n-ísleodh sé go suntasach na buntáistí ó thaobh comhshaoil agus nach gcinnteodh sé go mbeadh feithiclí hidrigine ar a laghad chomh sábháilte agus atá feithiclí traidisiúnta.

Mar sin bheadh ilroinnt sa mhargadh inmheánach de thoradh an rogha sin agus ní chinnteodh sé go mbainfí amach cuspóirí an pholasaí. Dá bhrí sin ní hé seo an cur chuige is fearr a shaothrú.

(3) *Reachtaíocht ar leibhéal an AE:* Dá mbaintí úsáid as an rogha polasaí seo chuirfí síneadh le raon feidhme reachtaíocht chineál-cheadaithe an AE le go gcuimseodh sí feithiclí faoi thiomáint hidrigine agus leagan amach forálacha comhchuibhithe le haghaidh na bhfeithiclí sin.

Cuireann reachtaíocht ag leibhéal an Chomhphobail cosc ar chaighdeáin éagsúla táirge d'eascairt ar fud na mBallstát, rud a fhágann go mbíonn ilroinnt ar an margaidh inmheánaigh agus bacainní neamhriachtanacha á bhfhorchur ar an trádáil laistigh den Chomhphobal. Is trí chaighdeáin chomhchuibhithe i ndáil le feithiclí hidrigine is féidir tairbhe a bhaint as barainneachtaí scála toisc gur féidir sraith tháirge a dhéanamh don mhargadh Eorpach iomlán. D'osclódh an rogha polasaí seo margaí i roinnt Ballstát nach bhféadfaí feithiclí hidrigine a dhíol iontu faoi láthair.

Mar a léirítear sa mheasúnú iarmharta, is follasach go mbeidh sé de bhuntáistí ag an rogha seo go gcinnteoidh sé feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh, go gcuirfidh sé ardleibhéal sábháilteachta poiblí ar fáil agus gur túisce a bheidh feabhas ar leibhéil torainn agus ar cháilíocht aeir dá bharr. Feabhsóidh sin ar a sheal sláinte an phobail agus chuirfidh sé ar chumas rialtas coigiltis a ghiniúint dá réir.

De bhreis air sin chinnteofaí go gcoinneodh an tAontas Eorpach céim ar chéim le réigiúnacha tábhachtacha gluaisteáin an Domhain maidir le tabhairt isteach ardteicneolaíochtaí agus go bhfeabhsófaí iomaíocht idirnáisiúnta thionscal na hEorpa.

Mar sin seo é an polasaí a shaothraítear sa togra.

(4) *Cur chuige neamhrialaitheach:* Féinrialú trí ghealltanas arna gcaibidil le tionscal na ngluaisteán chun ceanglais i leith feithiclí faoi thiomáint hidrigine a shocrú.

Ní léir go gcuireann féinghealltanas ráthaíocht dhóthanach ar fáil go mbeidh feithiclí hidrigine chomh sábháilte céanna agus feithiclí traidisiúnta nó go mbeidh pionóis chuí ar fáil i gcás sárú an fhéinghealltanais. Ina theannta sin ní dóigh go gcinnteoidh

an cur chuige seo go gcaithfear go cothrom le feithiclí hidrigine i gcomparáid le feithiclí traidisiúnta san nós imeachta cineál-cheadaithe. Lena chois sin ní léir dá mbaintí úsáid as cur chuige ar bhun deonach go mbainfeadh an tionscal, rialtais nó an pobal i gcoitinne breis sochar as.

Ní dhearnadh breis mhachnaimh dá bhrí sin ar chur chuige neamhrialaitheach mar rogha.

Rinne seirbhísí an Choimisiúin measúnú iarmharta atá liostaithe sa Chlár Oibre faoin uimhir tagartha 2006/ENTR/044.

## 3) EILIMINTÍ DLÍTHIÚLA AN TOGRA

**Achoimre ar an ngníomh beartaithe**

Tá sé aitheanta san anailís iarmharta gurb é an rogha polasaí is fearr Rialachán AE a ghlacadh chun críche feithiclí hidrigine sna catagóirí M1, M2, M3 agus N1, N2, N3 a ionchorprú i gcreat cineál-cheadú feithicil iomlán CE.

Tá coinne ag an togra le leasú ar an Treoir Réime[3] d'fhonn feithiclí hidrigine a chuimsiú sa nós imeachta cineál-cheadaithe. Sonraítear ceanglais theicniúla ann a bheidh le cur i bhfeidhm maidir le cineál-cheadú na gcomhpháirteanna hidrigine (coimeádáin hidrigine agus comhpháirteanna hidrigine seachas coimeádáin) a bheidh cuimsithe sa chóras hidrigine lena chinntiú go mbeidh na comhpháirteanna a bhaineann le hidrigin ag feidhmiú ar bhealach cuí agus sábháilte. De bhreis air sin cuimsíonn sé ceanglais maidir le cineál-cheadú na bhfeithiclí i ndáil le suiteáil chomhpháirteanna nó chórais hidrigine i bhfeithiclí. Tá coinne ag an togra le leasú Treoracha agus Rialachán leithleacha cineál-cheadaithe d'fhonn ceanglais shonracha maidir le feithiclí faoi thiomáint hidrigine a chuimsiú.

**Bunús dlí**

Is é Airteagal 95 den Chonradh is bunús dlí an togra.

**Prionsabal na coimhdeachta**

Tugtar ómós do phrionsabal na coimhdeachta toisc nach féidir na cuspóirí polasaí a chur i gcrích go leordhóthanach trí ghníomhaíochtaí na mBallstát agus gur fearr a gcuirfí i gcrích iad ag leibhéal an Chomhphobail. Tá gníomhaíocht an Aontais Eorpaigh riachtanach de bhrí gur gá teacht chun cinn do bhacainní ar an margadh aonair a sheachaint.

Is fearr a bhainfear cuspóirí an togra amach trí ghníomhaíocht Chomhphobail de bhrí go seachnófar léi ilroinnt an mhargaidh inmheánaigh, rud a thiocfadh chun cinn murach í, agus go gcinnteofar sábháilteacht feithiclí hidrigine.

**Prionsabal na comhréireachta**

Comhlíonann an togra prionsabal na comhréireachta de bhrí nach dtéann sé thar a bhfuil gá leis chun cuspóirí maidir le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh a chinntiú agus soláthar a dhéanamh ag an am céanna d'ardleibhéal sábháilteachta poiblí agus cosanta comhshaoil.

**Rogha na n-ionstraimí**

Is Rialachán an ionstraim atá beartaithe. Ní bheadh meáin eile leordhóthanach ar an ábhar a leanas:

---

3 Treoir 2007/46/EC

- Meastar úsáid Rialacháin a bheith cuí chun an dearbhú a cheanglaítear le haghaidh comhlíonta a sholáthar ach gan trasuí i reachtaíocht na mBallstát a cheangal.

Baineann an togra úsáid as an "cur chuige ar dhá leibhéal" a tugadh isteach i dtús báire ar iarratas ó Phairlimint na hEorpa agus ar baineadh úsáid as i míreanna reachtaíochta eile, m.sh. i gcás an Treoir um astaíochtaí feithiclí tromshaothair[4] agus an Rialacháin um chéimeanna 5 agus 6 i dtaca le hastaíochtaí feithiclí saothair éadroim[5]. Tá sé de choinne ag an nós imeachta seo gur de réir dhá bhealach éagsúla ach comhthreomhara a dhéanfar togra le haghaidh reachtaíochta agus a ghlacfar reachtaíocht:

- sa chéad áit, is iad Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle i Rialachán atá bunaithe ar Airteagal 95 de Chonradh an AE a leagfaidh síos na forálacha bunúsacha trí na nósanna imeachta comhchinnteoireachta (an 'togra comhchinnteoireachta');
- sa dara háit, is i Rialachán arna ghlacadh ag an gCoimisiún le cúnamh ó choiste rialaitheach (an 'togra coisteolaíochta') a leagfar síos na sonraíochtaí teicniúla a chuirfidh na forálacha bunúsacha i bhfeidhm.

## 4) IMPLEACHT BHUISÉADACH

Níl bheidh aon impleachtaí ag an togra ar bhuiséad an Chomhphobail.

## 5) FAISNÉIS BHREISE

### Insamhladh, treoirchéim agus idirthréimhse

Tá idirthréimsí ginearálta curtha sa togra d'fhonn agaí tionscanta dóthanacha a thabhairt do dhéantóirí feithiclí.

### Simpliú

Foráiltear sa togra do shimpliú nósanna imeachta riaracháin le haghaidh údarás poiblí (AE nó náisiúnta). Tá an togra le fáil i gClár Oibre agus Reachtach an Chomhphobail faoin tagairt 2006/ENTR/044.

### Aisghairm reachtaíochta atá ann cheana

Ní dhéanfar reachtaíocht atá ann cheana a aisghairm de thoradh an togra a ghlacadh.

### Clásal athbhreithnithe/leasaithe/éagtha

Tá sé de choinne ag an togra go gcuirfear ceanglais theicniúla an Rialacháin in oiriúint do dhul chun cinn teicniúil amach anseo.

### Limistéar Eorpach Eacnamaíoch

Baineann an t-acht atá beartaithe le hábhar LEE agus dá bhrí sin ba chóir dó an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch a chlúdach.

---

4 Treoir 2005/55/CE (OI L 275, 20.10.2005, lch.1), Treoir 2005/78/CE (IO L 313, 29.11.2005, lch.1)

5 Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 (IO L 171, 29.06.2007, lch.1)

2007/0214 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le cineál-cheadú mótarfheithiclí faoi thiomáint hidrigine agus lena leasaítear Treoir 2007/46/EC**

**(Téacs a bhaineann le LEE)**

PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 95 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún[6],

Ag féachaint do thuairim Choiste Sóisialta agus Eacnamaíochta na hEorpa[7],

Ag gníomhú de réir an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 251 den Chonradh[8],

De bharr an méid seo:

(1) Is éard atá sa mhargadh inmheánach limistéar gan teorainneacha inmheánacha nár mhór saorghluaiseacht earraí, daoine, seirbhísí agus caipitil a chinntiú laistigh de. Chun na críche sin tá córas cuimsitheach cineál-cheadaithe Comhphobail le haghaidh mótarfheithiclí curtha ar bun. Ba chóir ceanglais theicniúla maidir le cineál-cheadú mótarfheithiclí i ndáil le tiomáint hidrigine a chomhchuibhiú ionas go seachnófaí ceanglais a ghlacadh a bheadh difriúil ó Bhallstát go chéile agus go gcinnteofaí feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh agus soláthar a dhéanamh ag an am céanna d'ardleibhéal sábháilteachta poiblí agus cosanta comhshaoil.

(2) Is Rialachán nua ar leithligh an Rialachán seo i gcomhthéacs nós imeachta cineál-cheadaithe an Chomhphobail faoi Threoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an [DÁTA] lena mbunaítear creat d'fhormheas mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córas, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh atá ceaptha chun feithiclí dá leithéid (Treoir Réime)[9]. Dá bhrí sin ba chóir Iarscríbhinní IV, VI agus XI a ghabhann leis an Treoir sin a leasú dá réir.

(3) Tar éis iarratas a fháil ó Phairlimint na hEorpa tugadh isteach cur chuige rialaitheach nua maidir le reachtaíocht feithicle san AE. Níor chóir go leagfaí síos sa Rialachán seo ach na forálacha bunúsacha maidir le ceanglais i leith cineál-cheadú córas agus comhpháirteanna hidrigine, cé gur chóir na sonraíochtaí teicniúla a leagan síos trí bhearta a ghlacfaí i ndiaidh nósanna imeachta coisteolaíochta a chur i bheidhm.

---

6 IO C , , lch. .

7 IO C , , lch. .

IO C […], […], lch. .

9 [Togra le haghaidh 'Treoir Réime' nua atá faoin bpróiseas glachta faoi láthair. COIM(2003)418 agus COIM(2004)738.]

(4) San earnáil iompair ba chóir go mbeifí ag díriú ar a líon de na bhfeithiclí atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a mhéadú agus ba chóir iarrachtaí breise a dhéanamh chun níos mó de na feithiclí sin a chur ar an margadh. Má thugtar isteach feithiclí le breoslaí malartacha is féidir cáilíocht an aeir uirbigh a fheabhsú go suntasach.

(5) Meastar úsáid hidrigine a bheith ina mhodh glan chun feithiclí a thiomáint toisc nach n-astaíonn feithiclí faoi thiomáint hidrigine truailleáin charbónbhunaithe nó astuithe gás ceaptha teasa ón bpíobán sceite. Ba chóir áfach bheith cúramach go dtáirgtear an hidrigin ar bhealach inbhuanaithe sa chaoi is go mbeidh an comhardú ó thaobh an chomhshaoil tríd is tríd de bharr hidrigine a thabhairt isteach mar bhreosla le haghaidh mótarfheithiclí dearfach.

(6) Dá mhíneofaí an creat cineál-cheadaithe le haghaidh feithiclí a úsáideann hidrigin chuideodh sin le muinín úsáideoirí nua agus an phobail i gcoitinne as an teicneolaíocht nua a chothú.

(7) Dá bhrí sin is gá creat leordhóthanach a chruthú chun dlús a chur le feithiclí le teicneolaíochtaí nuálacha tiomána agus feithiclí a úsáideann breoslaí malartacha ar bheag a dtionchar ar an gcomhshaol a chur ar an margadh.

(8) Tá infheistíochtaí tábhachtacha i gcur chun cinn teicneolaíocht hidrigine á ndéanamh ag formhór na ndéantóirí agus tá siad tosaithe cheana féin ar a leithéid d'fheithiclí a chur ar an margadh. Sna blianta amach anseo is dóigh go mbeidh méadú ar líon na bhfeithiclí faoi thiomáint hidrigine sa chabhlach iomlán. Dá bhrí sin is gá ceanglais choiteanna maidir le sábháilteacht na bhfeithiclí sin a shonrú.

(9) Is gá bearta sábháilteachta a chur chun feidhme le haghaidh an chórais hidrigine agus a chomhpháirteanna chun cineál-cheadú a fháil.

(10) Is gá dá bhrí sin suiteáladh an chórais hidrigine agus a chomhpháirteanna san fheithicil a chur san áireamh i dtaca le cineál-cheadú na feithicle.

(11) De bharr shaintréithe an bhreosla féadfaidh sé go mbeidh cóireáil shonrach ó sheirbhísí tarrthála de dhíth ag feithiclí faoi thiomáint hidrigine. Is gá dá bhrí sin ceanglais maidir le lipéadú feithicle a leagan síos chun an breosla atá stóráilte ar bord na feithicle a chur in iúl do na seirbhísí sin.

(12) Ba chóir do na déantóirí freisin bearta cuí a ghlacadh chun cosc a chur le míbhreoslú na feithicle.

(13) Ba chóir na bearta is gá a ghlacadh chun an Rialachán seo a chur chun feidhme i gcomhréir le Treoir 1999/468/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 ina leagtar síos na nósanna imeachta maidir le feidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme a tugadh don Choimisiún[10].

(14) Go háirithe, ba chóir cumhacht a thabhairt don Choimisiún ceanglais agus nósanna imeachta tástála a thabhairt isteach a bhaineann le modhanna nua stóráil nó úsáid hidrigine, le breis comhpháirteanna hidrigine agus leis an gcóras tiomána. Ba chóir cumhacht a thabhairt don Choimisiún freisin chun nósanna imeachta, tástálacha agus ceanglais shonracha a shocrú maidir le cosaint feithiclí hidrigine ar thuairt agus maidir le ceanglais i dtaca le córais sábháilteachta iomlánaithe. Ó tharla raon feidhme

[10] IO L184, 17.7.1999, lch. 23. Cinneadh arna leasú le Cinneadh 2006/512/CE (IO L 200, 22.7.2006, lch. 11).

ginearálta a bheith ag na bearta sin agus iad a bheith deartha chun eilimintí neamhriachtanacha an Rialacháin seo a leasú agus chun an Rialachán a fhorlíonadh trí eilimintí neamhriachtanacha nua a chur leis ní mór glacadh leo de réir an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú dá bhforáiltear in Airteagal 5a de Chinneadh 1999/468/CE.

(15) Ní féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon, réadú an mhargaidh inmheánaigh trí cheanglais theicniúla choiteanna a thabhairt isteach i dtaca le mótarfheithiclí a úsáideann hidrigin a chur i gcrích go leordhóthanach. De bharr fhairsinge an ghnímh atá ag teastáil, is fearr is féidir na cuspóirí a chur i gcrích ag leibhéal an Chomhphobail. Dá bhrí sin féadfaidh an Comhphobal bearta a ghlacadh de réir phrionsabal na coimhdeachta, mar atá leagtha amach in Airteagal 5 den Chonradh. De réir phrionsabal na coimhdeachta, mar a leagadh amach san Airteagal sin é, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil gá leis chun na críche sin.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

***Ábhar***

Bunaíonn an Rialachán seo na ceanglais maidir le cineál-cheadú feithiclí i dtaca le tiomáint hidrigine, agus maidir le cineál-cheadú na gcomhpháirteanna agus na gcóras hidrigine. Bunaíonn an Rialachán ceanglais maidir le suiteáil a leithéidí de chomhpháirteanna agus de chórais.

*Airteagal 2*

***Raon Feidhme***

Baineann an Rialachán seo le:

(1) feithiclí faoi thiomáint hidrigine sna catagóirí M agus N, lena n-áirítear cosaint ar thuairt agus sábháilteacht leictreach ina leithéidí d'fheithiclí;

(2) comhpháirteanna hidrigine atá deartha le haghaidh mótarfheithiclí i gcatagóirí M agus N, liostaithe in Iarscríbhinn 1;

(3) córais hidrigine atá deartha le haghaidh mótarfheithiclí i gcatagóirí M agus N, lena n-áirítear modhanna nua stóráil nó úsáid hidrigine.

*Airteagal 3*

***Sainmhínithe***

Chun críocha an Rialacháin seo beidh feidhm ag na sainmhínithe a leanas:

(1) ciallaíonn "feithicil faoi thiomáint hidrigine" feithicil ar bith a bhaineann úsáid as hidrigin ghlan nó as cumasc de hidrigin agus de ghás nádúrtha mar bhreosla chun an fheithicil a thiomáint;

(2) ciallaíonn "córas tiomána" an inneall dócháin inmheánaigh nó an córas breosla-chille a bhaintear úsáid as chun an fheithicil a thiomáint;

*(3) ciallaíonn "comhpháirt hidrigine" an coimeádán hidrigine agus na páirteanna eile den fheithicil a bhíonn díreach i dteagmháil le hidrigin agus ar cuid de chóras a shuiteáiltear iad de bharr úsáid na hidrigine.*

(4) ciallaíonn "córas hidrigine" cóimeáil de chomhpháirteanna hidrigine agus de pháirteanna cónascacha a fheistítear ar fheithiclí faoi thiomáint hidrigine, amach ó chórais tiomána agus ó aonaid chumhachta chúnta;

(*5*) Ciallaíonn "Uasbhrú Oibre Incheadaithe" (UBOI) an t-uasbhrú dá gceaptar comhpháirt a nochtadh agus atá ina bhunús le neart na comhpháirte atá faoi bhreithniú a dheimhniú;

(6) Ciallaíonn "brú oibre ainmniúil" (BOA), i gcás coimeádán, an brú socraithe ag teocht aonfhoirmeach de 288K (15°C) i gcás coimeádáin láin, nó i gcás compháirteanna eile an leibhéal brú ag a bhfeidhmíonn an chompháirt go tipiciúil.

(7) ciallaíonn "umar istigh" an chuid sin den choimeádán atá ceaptha le haghaidh úsáid hidrigine leachtaí ina bhfuil hidrigin chrióigineach.

Chun críocha phointe 4, meastar a leanas a bheith ina gcórais hidrigine:

(a) monatóireacht úsáide agus córas rialaithe;

(b) córas comhéadan feithicle;

(c) córas róshreafa;

(d) córas cosanta róbhrú;

(e) córas braite teipe malartóra teasa.

*Airteagal 4*

***Oibleagáidí na nDéantóirí***

1. Léireoidh déantóirí go mbeidh na feithiclí nua uile faoi thiomáint hidrigine a dhíolfar, a chlárófar nó a chuirfear i seirbhís laistigh den Chomhphobal agus na comhpháirteanna hidrigine nó na córais hidrigine uile a dhíolfar nó a chuirfear i seirbhís laistigh den Chomhphobail cineál-cheadaithe de réir an Rialacháin seo.

2. Chun críocha chineál-cheadaithe na feithicle, feisteoidh na déantóirí na feithiclí faoi thiomáint hidrigine le comhpháirteanna hidrigine agus le córais atá tástáilte agus suiteáilte de réir an Rialacháin seo.

3. Chun críocha chineál-cheadaithe na gcomhpháirteanna agus na gcóras, cinnteoidh na déantóirí go dtástáilfear na comhpháirteanna agus na córais hidrigine de réir an Rialacháin seo.

4. Cuirfidh déantóirí faisnéis chuí faoi shonraíochtaí na feithicle agus faoi na coinníollacha tástála ar fáil do na húdaráis formheasa.

5. Cuirfidh déantóirí faisnéis ar fáil maidir le hiniúchadh tréimhsiúil na gcóras agus na gcomhpháirteanna hidrigine i gcaitheamh shaol seirbhíse na feithicle.

*Airteagal 5*

***Ceanglais ghinearálta maidir le comhpháirteanna agus le córais hidrigine***

Cinnteoidh na déantóirí:

(a) go bhfeidhmeoidh na comhpháirteanna agus na gcóras hidrigine ar bhealach ceart agus sábháilte agus go sheasfaidh siad go hiontaofa na coinníollacha oibriúcháin leictreacha, meicniúla, teirmeacha agus ceimiceacha gan sceitheadh agus gan dífhoirmiú infheicthe;

(b) go mbeidh an córas hidrigine cosanta in aghaidh ró-bhrúchóirithe;

(c) go mbeidh na codanna sin de na comhpháirteanna agus na córais hidrigine atá díreach i dteagmháil le hidrigin in oiriúint do hidrigin;

(d) go seasfaidh comhpháirteanna agus córais hidrigine an raon teochta agus brú a mbeifear ag súil leis ar feadh a saol;

(e) go seasfaidh comhpháirteanna agus córais hidrigine go hiontaofa raon teochta feidhmithe atá leagtha síos sna bearta cur chun feidhme;

(f) go mbeidh comhpháirteanna hidrigine marcáilte de réir na mbeart cur chun feidhme;

(g) go mbeidh treo an tsreafa curtha in iúl go soiléir ar na comhpháirteanna uile a bhfuil sreabhadh treóch acu.

*Airteagal 6*

***Ceanglais maidir le coimeádáin hidrigine atá ceaptha chun hidrigin leachtach a úsáid***

Déanfar tástálacha de réir na nósanna imeachta tástála atá leagtha amach in Iarscríbhinn II ar na coimeádáin hidrigine atá ceaptha chun hidrigin leachtach a úsáid.

*Airteagal 7*

***Ceanglais maidir le comhpháirteanna hidrigine seachas coimeádáin atá ceaptha chun hidrigin leachtach a úsáid***

1. Déanfar tástálacha de réir na nósanna imeachta tástála atá leagtha amach in Iarscríbhinn III ar na comhpháirteanna hidrigine seachas coimeádáin atá ceaptha chun hidrigin leachtach a úsáid.

2. Dearfar gléasanna faoisimh ar bhealach a gcinnteoidh nach rachaidh an brú san umar laistigh nó i gcomhpháirteanna hidrigine eile thar luach incheadaithe. Socrófar na luachanna i gcomhréir le hUasbhrú Oibre Incheadaithe (UBOI) an chórais hidrigine. Cuirfear córas sábháilteachta ar fáil le haghaidh malartóirí teasa lena dteip a bhrath.

*Airteagal 8*

***Ceanglais maidir le coimeádáin hidrigine atá ceaptha chun hidrigin chomhbhrúite (gásach) a úsáid***

1. Aicmeofar de bhun pointe 1 d'Iarscríbhinn IV na coimeádáin hidrigine atá ceaptha chun hidrigin chomhbhrúite (gásach) a úsáid.

2. Tástálfar na coimeádáin a ndéanfar tagairt dóibh i mír 1 de réir na nósanna imeachta tástála atá leagtha amach de réir a gcineál in Iarscríbhinn IV.

3. Déanfar cur síos mionsonraithe ar na príomhairíonna ábharacha agus ar na lamháltais uile a úsáidtear i ndearadh an choimeádáin ar a n-áirítear torthaí na dtástálacha a rinneadh ar an ábhar.

4. Ceadaítear úsáid chumaisc hidrigine gásaí agus gás nádúrtha mar bhreosla.

*Airteagal 9*

***Ceanglais maidir le comhpháirteanna hidrigine seachas coimeádáin atá ceaptha chun hidrigin chomhbhrúite (gásach) a úsáid***

1. Déanfar tástálacha de réir na nósanna imeachta tástála atá leagtha amach de réir a gcineál in Iarscríbhinn V ar na comhpháirteanna hidrigine seachas coimeádáin atá ceaptha chun hidrigin leachtach a úsáid.

2. Ceadaítear úsáid chumaisc hidrigine gásaí agus gás nádúrtha mar bhreosla.

*Airteagal 10*

***Ceanglais ghinearálta maidir le comhpháirteanna agus córais hidrigine***

Suiteálfar na comhpháirteanna agus na córais hidrigine de réir na gceanglas atá leagtha síos in Iarscríbhinn VI.

*Airteagal 11*

***Amchlár le haghaidh cur chun feidhme***

1. Le héifeacht ón dáta atá leagtha amach sa dara mír d'Airteagal 15, diúltóidh na húdaráis náisiúnta cineál-cheadú an AE nó cineál-cheadú náisiúnta i leith cineálacha nua feithiclí a dheonú ar fhorais a bhaineann le tiomáint hidrigine nó, cineál-cheadú an AE nó cineál-cheadú náisiúnta a dheonú i leith cineálacha nua comhpháirteanna nó córas hidrigine nach gcomhlíonann na ceanglais atá leagtha amach sa Rialachán seo.

2. Le héifeacht ó [dáta, 36 mhí ó dháta a theacht i bhfeidhm] measfaidh na húdaráis náisiúnta, ar fhorais a bhaineann le tiomáint hidrigine i gcás feithiclí nua nach gcomhlíonann na ceanglais atá leagtha amach sa Rialachán seo nach mbeidh na deimhnithe comhréireachta bailí a thuilleadh chun críocha Airteagal [26] de Threoir 2007/46/EC, agus cuirfidh siad toirmeasc le clárú, díol agus cur i seirbhís feithiclí dá leithéid, agus, i gcás comhpháirteanna nó córais nua hidrigine nach gcomhlíonann na ceanglais atá leagtha amach sa Rialachán seo cuirfidh siad toirmeasc lena ndíol agus lena gcur i seirbhís.

3. Gan dochar do mhíreanna 1 agus 2 den Airteagal seo agus faoi réir theacht i bhfeidhm na mbeart cur chun feidhme a glacadh de bhun Airteagal 12(1), má iarrann déantóir amhlaidh ní fhéadfaidh na húdaráis náisiúnta, ar fhorais a bhaineann le tiomáint hidrigine cineál-cheadú CE nó cineál-cheadú náisiúnta le haghaidh cineál nua feithicle nó cineál nua comhpháirte nó córas hidrigine a dhiúltú nó toirmeasc a chur le clárú, díol nó cur i seirbhís feithicle nua nó toirmeasc a chur le clárú, díol nó cur i seirbhís comhpháirt nó córas nua hidrigine nuair a chomhlíonann an fheithicil atá i dtrácht na ceanglais atá leagtha amach sa Rialachán seo.

*Airteagal 12*

***Bearta cur chun feidhme***

1. Glacfaidh an Coimisiún, i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 39(9) de Threoir 2007/46/EC na bearta cur chun feidhme a leanas:

   (a) na forálacha riaracháin le haghaidh chineál-cheadú feithiclí an CE i dtaca le tiomáint hidrigine, agus le haghaidh chineál-cheadú comhpháirteanna agus chóras an CE;

   (b) an fhaisnéis le cur ar fáil ag déantóirí chun críocha cineál-cheadaithe agus iniúchadh tréimhsiúil dá dtagraítear in Airteagal 4(4) agus (5);

   (c) na rialacha mionsonraithe le haghaidh na nósanna imeachta tástála atá leagtha amach in Iarscríbhinní II go V;

   (d) na rialacha mionsonraithe le haghaidh comhpháirteanna agus córas hidrigine atá leagtha amach in Iarscríbhinn VI;

   (e) na ceanglais maidir le feidhmiú sábháilte agus iontaofa comhpháirteanna agus córas hidrigine mar atá leagtha amach in Airteagal 5.

2. Glacfaidh an Coimisiún, i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 39(9) de Threoir 2007/46/EC na bearta cur chun feidhme a leanas:

   (a) Ceanglais theicniúla shonracha maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 8(4) agus Airteagal 9(2);

(b) sonraíochtaí le haghaidh na gceanglas a bhaineann le haon cheann dá leanas:

– modhanna nua stóráil nó úsáid hidrigine;

– cosaint tuairte na feithicle;

– ceanglais maidir le córais sábháilteachta iomlánaithe, a chuimsíonn ar a laghad brath sceite agus na ceanglais a bhaineann le sciúradh gáis;

– aonrú leictreachais agus sábháilteacht leictreachais;

(c) bearta eile is gá chun an Rialachán seo a chur chun feidhme.

*Airteagal 13*

***Leasuithe ar Threoir 2007/46/EC***

Leasaítear Iarscríbhinní IV, VI agus XI a ghabhann le Treoir 2007/46/EC de réir Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 14*

***Smachtbhannaí as neamh-chomhlíonadh***

1. Is iad na Ballstáit a leagfaidh síos na forálacha maidir le pionóis infheidhme sa chás go sáraíonn déantóirí forálacha an Rialacháin seo agus is iad a dhéanfaidh na bearta uile is gá lena chinntiú go gcuirfear i bhfeidhm iad. Ní foláir go mbeidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Cuirfidh na Ballstáit na forálacha sin in iúl don Choimisiún ar dháta nach déanaí ná [*dáta, ocht mí dhéag i ndiaidh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*] agus cuirfidh in iúl dó gan mhoill aon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh.

2. Ar na cineálacha sáruithe a bheidh faoi réir pionóis beidh:

(a) dearbhuithe bréagacha a dhéanamh le linn na nósanna imeachta formheasa nó le linn nósanna imeachta as a dtagann aisghlaoch;

(b) torthaí tástála a fhalsú chun críche cineál-cheadú nó in-usáid a chomhlíonadh;

(c) sonraí nó sonraíochtaí teicniúla a d'fhéadfadh bheith ina gcúis le aisghlaoch nó aistarraingt chineál-cheadaithe a choinneáil siar;

(d) diúltú rochtain ar fhaisnéis a chuir ar fáil;

(e) úsáid feistí treascartha.

*Airteagal 15*

***Teacht i bhfeidhm***

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar an fichiú lá i ndiaidh a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ó *[DÁTA 24 mhí tar éis dó a theacht i bhfeidhm]* seachas Airteagal 11(3) a bheidh feidhm aige ó lá an teachta i bhfeidhm.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, […]

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |
| *[…]* | *[…]* |

## IARSCRÍBHINN I

### Liosta na gcomhpháirteanna atá faoi réir cineál-cheadaithe

Tá na comhpháirteanna hidrigine a leanas faoi réir cineál-cheadaithe:

(a) comhpháirteanna atá ceaptha chun hidrigin a úsáid:

(1) coimeádán;

(2) comhla uathoibríoch (más í an chéad chomhla uathoibríoch síos an sreabhadh ón gcoimeádán í nó más feiste sábháilteachta atá inti);

(3) comhla choiscthe nó comhla neamhchúlaithe (más feiste sábháilteachta í);

(4) líne solúbtha bhreosla (más suas an sreabhadh ón gcéad chomhla stoptha uathoibríoch nó ó fheistí sábháilteachta eile atá sí);

(5) malartóir teasa (más suas an sreabhadh ón gcéad chomhla stoptha uathoibríoch atá sé);

(6) comhla láimhe (más í an chéad chomhla láimhe síos an sreabhadh ón gcoimeádán nó más feiste sábháilteachta atá inti);

(7) rialtóir brú (má suas an sreabhadh ón gcéad chomhla stoptha uathoibríoch atá sé);

(8) comhla faoisimh brú;

(9) braiteoir brú, teochta agus sreafa (más feiste sábháilteachta);

(10) nasc nó gabhdán athbhreoslaithe.

(b) comhpháirteanna atá ceaptha chun hidrigin chomhbhrúite (gásach) a úsáid:

(1) coimeádán;

(2) comhla uathoibríoch;

(3) cóimeáil coimeádáin;

(4) feistis;

(5) líne breosla sholúbtha;

(6) malartóir teasa;

(7) scagaire hidrigine;

(8) comhla láimhe;

(9) comhla neamhchúlaithe;

(10) rialtóir brú;

(11) feiste faoisimh brú;

(12) comhla faoisimh brú;

(13) gabhdán;

(14) cónascaire córais stórála inbhainte;

(15) braiteoirí (braiteoirí brú, teochta nó sreafa) más in úsáid mar fheiste sábháilteachta;

**IARSCRÍBHINN II**

**Nósanna imeachta infheidhme le haghaidh coimeádán hidrigine atá ceaptha chun hidrigin leachtach a úsáid**

| Cineál tástála |
|---|
| Tástáil pléasctha |
| Tástáil tine chnámh |
| Tástáil an uasleibhéil líonta |
| Tástáil brú |
| Tástáil sceite |

Ar na nósanna imeachta tástála a chuirfear i bhfeidhm le haghaidh chineál-cheadú na gcoimeádán hidrigine áireofar:

(a) Tástáil pléasctha: Is éard is cuspóir na tástála seo fianaise a chur ar fáil nach gclisfidh ar an gcoimeádán hidrigine sula mbeidh leibhéal sonraithe ardbhrú, an brú pléasctha (an UBOI arna iolrú ar an bhfactóir sábháilteachta) sáraithe. Le cineál-cheadú a fháil ní mór go mbeidh luach an bhrú phléasctha réadúil sa tástáil níos mó ná an íosbhrú pléasctha a éilítear.

(b) Tástáil tine chnámh: Is éard is cuspóir na tástála seo fianaise a chur ar fáil nach bpléascfaidh an coimeádán lena chóras cosanta ó dhóiteán má thástálfar é faoi na coinníollacha sonraithe dóiteáin.

(c) Tástáil an uasleibhéil líonta: Is éard is cuspóir na tástála seo fianaise a chur ar fáil nach gcuirfidh leibhéal na hidrigine faoi deara choíche go n-osclófaí na feistí faoisimh brú le linn an nós imeachta líonta.

(d) Tástáil brú: Is éard is cuspóir na tástála seo fianaise a chur ar fáil go mbeidh an coimeádán hidrigine in ann leibhéal sonraithe ardbhrú a sheasamh. Leis sin a chruthú, cuirfear an coimeádán faoi bhrú de mhéid áirithe ar feadh achar sonraithe. I ndiaidh na tástála ní bheidh aon chomhartha dífhoirmithe nó aon sceitheadh infheicthe le sonrú ar an gcoimeádán.

**(e)** Tástáil sceite: Is éard is cuspóir na tástála fianaise a chur ar fáil nach bhfuil fianaise sceite ar bith le sonrú ar an gcoimeádán hidrigine faoi na coinníollacha sonraithe. Leis sin a chruthú, teannfar an coimeádán go brú arb ionann agus a bhrú oibre ainmniúil. Ní bheidh le sonrú air aon chomhartha sceite le brath trí scoilteanna, phiocháin nó trí lochtanna eile dá leithéid.

## IARSCRÍBHINN III

**Nósanna imeachta infheidhme le haghaidh comhpháirteanna hidrigine seachas coimeádáin atá ceaptha chun hidrigin leachtach a úsáid**

| | CINEÁL TÁSTÁLA | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **COMHPHÁIRT HIDRIGINE** | **Tástáil brú** | **Tástáil sceite seachtraigh** | **Tástáil seasmhachta** | **Tástáil oibríochtúil** | **Tástáil friotaíochta in aghaidh creimthe** | **Tástáil friotaíochta in aghaidh teasa thirim** | **Aosú ózóin** | **Tástáil timthriall teochta** | **Tástáil timthriall brú** | **Tástáil comhoiriúnachta le hidrigin** | **Tástáil sceite suite** |
| ***Feistí faoisimh brú*** | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ | | | ✓ | | ✓ | |
| ***Comhlaí*** | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ |
| **Malartóirí teasa** | ✓ | ✓ | | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | |
| ***Cónaisc athbhreoslaithe*** | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ |
| ***Rialtóirí brú*** | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ |
| ***Braiteoirí*** | ✓ | ✓ | | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | |
| ***Línte breosla solúbtha*** | ✓ | ✓ | | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | |

Faoi réir na gceanglas sonracha maidir le haon cheann de na comhpháirteanna hidrigine, áireofar ar na nósanna imeachta tástála a bheidh le cur i bhfeidhm maidir le cineál-cheadú comhpháirteanna hidrigine seachas coimeádáin:

(a) Tástáil brú: Is é aidhm na tástála seo fianaise a chur ar fáil go mbeidh na comhpháirteanna ina gcoinnítear hidrigin in ann brú a sheasamh atá níos airde ná brú oibre na comhpháirte. Ní bheidh le sonrú ar chomhpháirt hidrigine aon chomhartha sceite, dífhoirmiú, réabadh nó scoilteanna nuair a mhéadaítear an brú go dtí ráta áirithe.

(b) Tástáil sceite sheachtraigh: Is é cuspóir na tástála seo fianaise a chur ar fáil go mbeidh na comhpháirteanna hidrigine saor ó aon sceitheadh seachtrach agus nach bhfuil aon chomhartha póiriúlachta le sonrú.

(c) Tástáil seasmhachta: Is é cuspóir na tástála seo fianaise a chur ar fáil go mbeidh na comhpháirteanna hidrigine in ann oibriú go hiontaofa ar bhonn leanúnach. Is éard atá i gceist leis an tástáil go ndéanfar líon sonrach de thimthriallta tástála maidir leis an gcomhpháirt hidrigine faoi choinníollacha éagsúla teochta agus brú. Is éard is ciall le thimthriall tástála gnáthoibriú na comhpháirte hidrigine (i.e. oscailt amháin agus dúnadh amháin).

(d) Tástáil oibríochtúil: Is é cuspóir na tástála fianaise a chur ar fáil go mbeidh na comhpháirteanna hidrigine in ann oibriú go hiontaofa.

(e) Tástáil friotaíochta in aghaidh creimthe: Is é cuspóir na tástála fianaise a chur ar fáil go mbeidh na comhpháirteanna hidrigine in ann creimeadh a fhriotú. Leis sin a chruthú cuirfear na comhpháirteanna i dteagmháil le ceimiceáin shonraithe.

(f) Friotaíocht in aghaidh teasa thirim: Is é cuspóir na tástála fianaise a chur ar fáil go mbeidh na comhpháirteanna hidrigine neamh-mhiotalacha in ann ardteocht a fhriotú. Leis sin a chruthú nochtfar na comhpháirteanna do aer ag an uasteocht oibriúcháin.

(g) Aosú ózóin: Is é cuspóir na tástála fianaise a chur ar fáil go mbeidh na comhpháirteanna hidrigine neamh-mhiotalacha in ann aosú ar cúis dó ózón a fhriotú. Leis sin a chruthú nochtfar na comhpháirteanna do aer le tiúchan mór ozóin.

(h) Tástáil teocht-timthriallta: Is é cuspóir na tástála fianaise a chur ar fáil go mbeidh na comhpháirteanna hidrigine in ann mórathruithe teochta a fhriotú. Leis sin a chruthú cuirfear na comhpháirteanna hidrigine faoi thimthriall teochta ar feadh achar sonraithe ón íosteocht oibriúcháin go dtí an uasteocht oibriúcháin.

(i) Tástáil brú-thimthriallta: Is é cuspóir na tástála fianaise a chur ar fáil go mbeidh na comhpháirteanna hidrigine in ann mórathruithe brú a fhriotú. Leis sin a chruthú nochtfar na comhpháirteanna hidrigine d'athrú brú ó bhrú an atmaisféir go dtí an Uasbhrú Oibre Incheadaithe (UBOI) agus laghdóidh an brú go dtí brú an atmaisféir laistigh d'achar gearr ama.

(j) Tástáil comhoiriúnachta le hidrigin: Is é cuspóir na tástála fianaise a chur ar fáil nach mbeidh na comhpháirteanna hidrigine miotalacha (.i. sorcóirí agus comhlaí) so-ghabhálach i leith brioscaithe hidrigine. I gcomhpháirteanna a chuirtear faoi thimthriallta minice ualaithe, seachnófar coinníollacha as a dtiocfaidh strustuirse logánta agus tionscnamh agus scaipeadh scoilteanna strustuirse sa struchtúr.

(k) Tástáil sceite suite: Is é cuspóir na tástála fianaise a chur ar fáil go mbeidh comhpháirteanna hidrigine saor ó sceitheadh le linn dóibh bheith suiteáilte sa chóras hidrigine.

## IARSCRÍBHINN IV

## Nósanna imeacht infheidhme maidir le coimeádáin hidrigine atá ceaptha chun hidrigin chomhbhrúite (gásach) a úsáid

| Cineál Tástála | Infheidhme maidir le *Coimeádán de* Chineál | | | |
|---|---|---|---|---|
| | **1** | **2** | **3** | **4** |
| Tástáil Pléasctha | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Tástáil Bhrú-Timthriallta Teochta Comhthimpeallaí | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Tástáil Feidhmíochta SRB | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Tástáil Tine Chnámh | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Tástáil Treáite | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Tástáil um Nochtadh do Cheimiceach | | ✓ | ✓ | ✓ |
| Tástáil Lamháltas Fabhtanna Ilchodacha | | ✓ | ✓ | ✓ |
| Tástáil Réabtha Struis Luathaithe | | ✓ | ✓ | ✓ |
| Tástáil Bhrú-Thimthriallta Teochta Foircní | | ✓ | ✓ | ✓ |
| Tástáil Damáiste Tuairte | | | ✓ | ✓ |
| Tástáil Sceite | | | | ✓ |
| Tástáil Tréscaoilte | | | | ✓ |
| Tástáil Casmhóiminte Cabhra | | | | ✓ |
| Tástáil Ghás-Timthriallta Hidrigine | | | | ✓ |

1. Aicmiú coimeádán atá ceaptha chun hidrigin chomhbhrúite (gásach) a úsáid:

   Cineál 1 Coimeádán miotalach gan uaim

   Cineál 2 Coimeádán fonsathimpeallaithe le líneálach miotalach gan uaim

   Cineál 3 Coimeádán lánchlúdaithe le líneálach miotalach gan uaim nó táthaithe

   Cineál 4 Coimeádán lánchlúdaithe le líneálach neamh-mhiotalach.

2. Ar na nósanna imeachta tástála a chuirfear i bhfeidhm maidir le cineál-cheadú na gcoimeádán sin beidh:

   (a) Tástáil Pléasctha: Is é cuspóir na tástála méid an bhrú ag a bpléascann an coimeádán a chur ar fáil. Leis sin a chruthú, cuirfear an coimeádán faoi bhrú de

mhéid áirithe ar chóir dó bheith níos mó ná brú oibre ainmniúil an choimeádáin. Beidh brú pléasctha an choimeádáin níos mó ná brú sonraithe. Is é an déantóir a thaifeadfaidh brú pléasctha an choimeádáin agus a choimeádfaidh é ar feadh shaol seirbhíse choimeádán den chineál sin.

(b) Tástáil Bhrú-Thimthriallta Teochta Comhthimpeallaí: Is é cuspóir na tástála fianaise a chur ar fáil go mbeidh an coimeádán hidrigine in ann mórathruithe brú a fhriotú. Leis sin a chruthú déanfar brú-thimthriallta ar an gcoimeádán go dtí go dtarlaíonn teip nó go dtí go sroichtear líon sonraithe timthriallta tríd an mbrú a mhéadú agus a laghdú go méid sonraithe. Ní chlisfidh ar na coimeádáin go dtí go sroichfear líon sonraithe timthriallta. Déanfar líon na dtimthriallta go teip maille le suíomh agus cur síos ar an teip a dhoiciméadú. Coinneoidh an déantóir na torthaí ar feadh shaol seirbhíse an choimeádáin.

(c) Tástáil feidhmíochta sceitheadh roimh bhriseadh (SRB): Is é cuspóir na tástála fianaise a chur ar fáil go gcliseann ar an gcoimeádán hidrigine trí sceitheadh roimh bhriseadh. Leis sin a chruthú déanfar brú-thimthriallta ar an gcoimeádán tríd an mbrú a mhéadú agus a laghdú go méid sonraithe. Clisfidh ar na coimeádáin a ndéanfar tástáil orthu trí sceitheadh nó gabhfaidh siad thar líon sonraithe timthriallta tástála gan teip. Déanfar líon na dtimthriallta go teip maille le suíomh agus cur síos ar an teip a dhoiciméadú.

(d) Tástáil tine chnámh: Is éard is cuspóir na tástála fianaise a chur ar fáil nach bpléascann an coimeádán lena chóras cosanta ó dhóiteán má thástáiltear é faoi na coinníollacha sonraithe dóiteáin. Ní scaoilfidh an coimeádán atá teannta go brú oibre ach tríd an fheiste faoisimh brú agus ní réabfaidh sé.

(e) Tástáil Treáite: Is é cuspóir na tástála fianaise a chur ar fáil nach réabfaidh an coimeádán nuair a threáitear é le piléar. Leis sin a chruthú teanntar an coimeádán iomlán lena bhratú cosanta agus treáitear é le piléar. Ní réabfaidh an coimeádán.

(f) Tástáil um nochtadh do cheimiceán: Is é cuspóir na tástála fianaise a chur ar fáil go mbeidh an coimeádán in ann nochtadh don tsubstaint shonraithe cheimiceach a sheasamh. Leis sin a chruthú beidh an coimeádán nochta do thuaslagáin éagsúla cheimiceacha. Méadófar an brú sa ghabhdán go méid áirithe agus déanfar tástáil pléasctha. Sroichfidh an coimeádán brú pléasctha sonraithe agus taifeadfar an brú sin.

(g) Tástáil lamháltas fabhtanna ilchodacha: Is é cuspóir na tástála fianaise a chur ar fáil go mbeidh an coimeádán hidrigine in ann nochtadh d'ardbhrú a fhriotú. Leis sin a chruthú gearrfar fabhtanna de mhúnla sonraithe i taobh-bhalla an choimeádáin agus chuirfear líon sonraithe brú-thimthriallta i gcrích. Ní sceithfidh nó ní réabfaidh an coimeádán laistigh de líon timthriallta ach féadfaidh sé cliseadh le linn na dtimthriallta tástála a bheidh fágtha. Déanfar líon na dtimthriallta go teip maille le suíomh agus cur síos ar an teip a thaifeadadh.

(h) Tástáil Réabtha Struis Luathaithe: Is é cuspóir na tástála fianaise a chur ar fáil go mbeidh an coimeádán hidrigine in ann nochtadh d'ardbhrú agus d'ardteocht ag teorainn an raon oibriúcháin incheadaithe a fhriotú ar feadh tréimhse fhada. Leis sin a chruthú nochtfar an coimeádán ar feadh tréimhse sonraithe do choinníollacha sonraithe brú agus teochta agus ina dhiaidh sin gabhfaidh sé

faoi thástáil phléasctha dá dtagraítear faoi (a). Sroichfidh an coimeádán brú pléasctha sonraithe.

(i) Tástáil bhrú-thimthriallta teochta foircní: Is é cuspóir na tástála fianaise a chur ar fáil go mbeidh an coimeádán hidrigine in ann athruithe brú a sheasamh faoi choinníollacha difriúla teochta. Leis sin a chruthú déanfar tástáil timthriallta go hidreastatach tríd an gcoimeádán a bheidh saor ó aon bhratú cosanta a nochtadh do choinníollacha comhthimpeallacha foircneacha agus ansin tástáil sceite agus tástáil phléasctha a dhéanamh mar a thagraítear dóibh faoi (k) agus (a). Déanfar tástáil timthriallta ar na coimeádáin gan chomhartha ar bith de réabadh, sceitheadh nó roiseadh snáithín a bheith le sonrú orthu. Ní phléascfaidh na coimeádáin ag brú sonraithe.

(j) Tástáil Damáiste Tuairte: Is é cuspóir na tástála fianaise a chur ar fáil go bhfanfaidh an coimeádán hidrigine de bheith oibríochtúil tar éis a nochtadh do na tuairteanna sonraithe meicniúla. Leis sin a chruthú cuirfear an coimeádán faoi thástáil titime agus déanfar líon sonraithe brú-thimthriallta. Ní sceithfidh nó ní réabfaidh an coimeádán laistigh de líon sonraithe timthriallta ach féadfaidh sé cliseadh le linn na dtimthriallta tástála a bheidh fágtha.

(k) Tástáil sceite: Is éard is cuspóir na tástála fianaise a chur ar fáil nach bhfuil comhartha sceite ar bith le sonrú ar an gcoimeádán hidrigine faoi na coinníollacha sonraithe. Leis sin a chruthú, teannfar an coimeádán go brú arb ionann agus a bhrú oibre ainmniúil. Ní bheidh comhartha ar bith de sceitheadh le sonrú air a bheadh le brath trí scoilteanna, phiocháin nó trí lochtanna eile dá leithéid.

(l) Tástáil Tréscaoilte: Is é cuspóir na tástála fianaise a chur ar fáil nach dtréscaoileann an coimeádán hidrigine níos mó ná ráta sonraithe. Leis sin a chruthú teannfar an coimeádán hidrigine go brú oibre ainmniúil agus déantar faireachán air ansin i dtaca le tréscaoileadh i seoimrín dúnta ar feadh achar sonraithe faoi choinníollacha sonraithe teochta.

(m) Tástáil casmhóiminte cabhra: Is é cuspóir na tástála fianaise a chur ar fáil go mbeidh an coimeádán hidrigine in ann an chasmhóimint shonraithe a fhriotú. Leis sin a chruthú cuirfear casmhóimint leis an gcoimeádán ó thaobhanna éagsúla. Ansin déanfar tástáil sceite agus tástáil pléasctha dá dtagraítear faoi (k) agus (a) thuas. Comhlíonfaidh an coimeádán na ceanglais maidir leis an tástáil sceite agus an tástáil phléasctha. Taifeadfar an chasmhóimint, an brú sceite agus an brú pléasctha a chuirfear leis.

(n) Tástáil Ghás-Timthriallta Hidrigine: Is é cuspóir na tástála fianaise a chur ar fáil go mbeidh an coimeádán hidrigine in ann mórathruithe brú a fhriotú nuair a bhaintear úsáid as gás hidrigine. Leis sin a chruthú cuirfear an coimeádán faoi roinnt brú-thimthriallta le húsáid tástáil ghás hidrigine agus tástáil sceite dá dtagraítear faoi (k) thuas. Déanfar iniúchadh ar an dearóiliú, a leithéid scoilteadh strustuirse nó diúscairt leictreastatach an choimeádáin. Tiocfaidh an coimeádán leis na ceanglais maidir leis an tástáil sceite. Beidh an coimeádán saor ó dhearóiliú ar bith, a leithéid scoilteadh strustuirse nó diúscairt leictreastatach.

**IARSCRÍBHINN V**

**Nósanna imeacht infheidhme maidir le comhpháirteanna hidrigine seachas coimeádáin atá ceaptha chun hidrigin chomhbhrúite (gásach) a úsáid**

| | CINEÁL TÁSTÁLA | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **COMHPHÁIRT HIDRIGINE** | **Tástálacha ábhair** | **Tástáil friotaíochta in aghaidh creimthe** | **Tástáil seasmhachta** | **Tástáil bhrú-thimthriallta hiodrálaigh** | **Tástáil sceite inmheánaigh** | **Tástáil sceite sheachtraígh** |
| ***Feistí faoisimh brú*** | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| ***Comhlaí uathoibríocha*** | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| ***Comhlaí láimhe*** | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| ***Comhlaí neamhchúlaithe*** | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| ***Comhlaí faoisimh brú*** | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| **Malartóirí teasa** | ✓ | ✓ | | ✓ | | ✓ |
| ***Gabhdáin*** | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| ***Rialtóirí brú*** | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| **Braiteoirí le haghaidh córais hidrigine** | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ |
| ***Línte breosla solúbtha*** | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ |
| ***Feistis*** | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ |
| ***Scagairí hidrigine*** | ✓ | ✓ | | ✓ | | ✓ |
| ***Cónascairí córais stórála inbhainte*** | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ |

Faoi réir ceanglas sonracha maidir le haon cheann de na comhpháirteanna hidrigine, áireofar ar na nósanna imeachta tástála a bheidh le cur i bhfeidhm maidir le cineál-cheadú comhpháirteanna hidrigine seachas coimeádáin:

Tástálacha ábhair:

2.1. Tástáil um chomhoiriúnacht le hidrigin atá leagtha amach i bpointe (j) d'Iarscríbhinn III.

2.2. Tástáil aosaithe: Is é cuspóir na tástála a sheiceáil cé acu a bheidh nó nach mbeidh an t-ábhar a mbaintear úsáid as i gcomhpháirt neamh-mhiotalach in ann aosú a sheasamh. Ní cheadófar aon scoilteadh infheicthe ar na samplaí tástála.

2.3. Tástáil comhoiriúnachta le hózón: Is é cuspóir na tástála a sheiceáil cé acu a bheidh nó nach mbeidh an t-ábhar leaistiméire sa chomhpháirt hidrigine chomhoiriúnach le nochtadh d'ózón. Ní cheadaítear aon scoilteadh infheicthe ar na samplaí tástála.

3. Tá an tástáil friotaíochta in aghaidh creimthe leagtha amach i bpointe (e) d'Iarscríbhinn III.

4. Tá an tástáil seasmhachta leagtha amach i bpointe (c) d'Iarscríbhinn III.

5. Tá an tástáil bhrú-thimthriallta hiodrálaigh leagtha amach i bpointe (i) d'Iarscríbhinn III. Ní bheidh aon chomhartha infheicthe de dhífhoirmiú nó d'easbhrú le sonrú ar na comhpháirteanna hidrigine agus comhlíonfaidh siad ceanglais na tástála sceite seachtraí agus inmheánaí.

6. Tástáil sceite inmheánaigh: Is é cuspóir na tástála sceite inmheánaigh fianaise a chur ar fáil go mbeidh na comhpháirteanna hidrigine sonraithe saor ó sceitheadh inmheánach. Leis sin a chruthú teannfar na comhpháirteanna hidrigine faoi choinníollacha difriúla teochta agus breathnófar i ndiaidh sceitheadh. Fanfaidh an chomhpháirt hidrigine saor ó shúilíní agus ní sceithfidh sé go hinmheánach ar ráta níos airde ná uimhir sonraithe.

7. Tá tástáil sceite sheachtraígh leagtha amach i bpointe (b) d'Iarscríbhinn III.

## IARSCRÍBHINN VI

## Ceanglais ghinearálta maidir le suiteáil chomhpháirteanna agus córais hidrigine

1. Beidh an córas hidrigine suiteáilte sa chaoi is go mbeidh sé cosanta ar dhamáiste.

   Ba chóir go mbeadh sé scoite ó fhoinsí teochta san fheithicil.

2. Ní fhéadfar an coimeádán hidrigine a aistriú mura gcuirfear ina áit coimeádán hidrigine chun críche athbhreoslaithe nó le haghaidh obair chothabhála.

   I gcás inneall dócháin inmheánaigh ní shuiteálfar an coimeádán in urrann inneall na fheithicle.

   Beidh a leordhóthain cosanta aige in aghaidh creimthe de chineál ar bith.

3. Is gá bearta a ghlacadh chun sceitheadh hidrigine a chosc le linn athlíonta agus le cinnte a dhéanamh de go n-aistreofar córas stórála hidrigine inaistrithe go sábháilte.

4. Daingneofar an nasc athbhreoslaithe ar fhaitíos an mhíchoigeartaithe agus déanfar é a chosaint ó shalachar agus ó uisce.

5. Beidh an coimeádán hidrigine suite agus greamaithe sa dóigh gur féidir na luasghéaruithe sonraithe a shú gan damáiste de na comhpháirteanna a bhaineann le sábháilteacht nuair a bhíonn na coimeádáin hidrigine lán.

6. Daingneofar na línte soláthair breosla hidrigine le comhla uathoibríoch. Daingneofar an líne athbhreoslaithe le comhla. Dúnfaidh na comhlaí má éilíonn mífheidhmiú an chórais hidrigine go ndúnfaidh nó má tharlaíonn aon rud eile a mbeidh sceitheadh hidrigine de thoradh air. Nuair a bheidh an córas tiomána casta as beidh an soláthar breosla ón gcoimeádán go dtí an gcóras tiomána casta as agus fanfaidh sé de bheith dúnta go dtí go dteastaíonn go n-oibreoidh an córas.

7. Ní ghobfaidh aon chomhpháirt hidrigine lena n-áirítear aon ábhar cosanta ar cuid dá leithéid de chomhpháirt é amach thar imlíne na feithicle nó thar an struchtúr cosanta. Ní bheidh feidhm aige sin má tá comhpháirt hidrigine cosanta go leordhóthanach agus mura bhfuil aon chuid den chomhpháirt suite lasmuigh den struchtúr cosanta seo.

8. Beidh an córas hidrigine suiteáilte sa chaoi is go mbeidh sé cosanta ó dhamáiste a leithéid damáiste ar cúis leis comhpháirteanna feithicle faoi ghluaiseacht, tuairteanna, griothal nó ar cúis leis luchtú nó folmhú na feithicle nó luchtanna a aistriú, a oiread agus is praiticiúil go réasúnta.

9. Ní bheidh aon chomhpháirt hidrigine suite in aice píobán sceite innill dócháin inmheánaigh nó in aice aon fhoinse eile teasa, mura mbí comhpháirt dá leithéid go leordhóthanach á cosaint ar theas.

10. Beidh an córas aerála nó teasa le haghaidh urrann an phaisinéara agus le haghaidh áiteanna inar féidir sceitheadh nó bailiú hidrigine tarlú ceaptha sa chaoi is nach mbeidh hidrigin á tarraingt isteach san fheithicil.

11. I gcás timpiste cinnteofar chomh fada agus is infheidhmithe ar bhonn réasúnta go mbeidh an fheiste faoisimh brú agus an córas scaoilte a bhaineann leis in ann a fheidhmiú. Beidh córas scaoilte na feiste faoisimh brú cosanta go leordhóthanach i gcoinne salachair agus uisce.

12. Beidh urrann phaisinéara na feithicle scartha ón gcóras hidrigine le go seachnófar bailiú hidrigine. Cinnteofar nach n-éalaíonn aon bhreosla a sceitheann ón gcoimeádán nó óna chuid chomhghabhálas go dtí urrann phaisinéara na feithicle.

13. Beidh comhpháirteanna hidrigine a d'fhéadfadh hidrigin a sceitheadh laistigh d'urrann an phaisinéara nó an bhagáiste nó laistigh d'aon urrann neamhaeraithe eile imfhálaithe le feireadh gás-obach nó lena choibhéis ó thaobh éifeachta mar atá sonraithe sa reachtaíocht cur chun feidhme.

14. Beidh feistí faoi oibriú leictreach ina bhfuil hidrigin inslithe sa dóigh nach mbeidh aon sruth ag dul trí na codanna ina bhfuil hidrigin d'fhonn cosc a chur ar spréacha leictreacha i gcás briste.

    Beidh nasc leanúnach leictreach ag comhpháirteanna miotalacha an chórais hidrigine le talmhú na feithicle.

15. Féadfar lipéid a úsáid lena chur in iúl do sheirbhísí tarrthála go bhfuiltear ag baint úsáide as hidrigin chomhbhrúite (gásach).

## IARSCRÍBHINN VII

## Leasuithe ar Threoir 2007/46/EC

1. In Iarscríbhinn IV, cuid I, i bpointe 62 cuirfear an líne nua a leanas leis an tábla:

| Ábhar | Tagairt an ghnímh rialúcháin | Tagairt Irise Oifigiúla | Infheidhmeacht | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | $M_1$ | $M_2$ | $M_3$ | $N_1$ | $N_2$ | $N_3$ | $O_1$ | $O_2$ | $O_3$ | $O_4$ |
| 62. Córas hidrigine | […./…/CE] | L .., …, lch. .. | X | X | X | X | X | X | | | | |

2. San Aguisín le hIarscríbhinn IV, cuid I, i bpointe 62 cuirfear an líne nua a leanas leis an tábla:

| | Ábhar | Tagairt an ghnímh rialúcháin | Tagairt Irise Oifigiúla | $M_1$ |
|---|---|---|---|---|
| 62 | Córas hidrigine | […./…/CE] | | X |

3. San Aguisín le hIarscríbhinn VI, i bpointe 62 cuirfear an líne nua a leanas leis an tábla:

| Ábhar | Tagairt an ghnímh rialúcháin | Arna leasú ag | Infheidhme maidir le hAthruithe |
|---|---|---|---|
| 62. Córas hidrigine | […./…/CE] | | |

4. In Aguisín XI, Iarscríbhinn 1, i bpointe 62 cuirfear an líne nua a leanas leis an tábla:

| Mír | Ábhar | Tagairt an ghnímh rialúcháin | $M_1 \leq 2\ 500$ ([1]) kg | $M_1 > 2\ 500$ ([1]) kg | $M_2$ | $M_3$ |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 62 | Córas hidrigine | […./…/CE] | *Q* | *G+Q* | *G+Q* | *G+Q* |

5. In Aguisín XI, Iarscríbhinn 2, i bpointe 62 cuirfear an líne nua a leanas leis an tábla:

| Mír | Ábhar | Tagairt an ghnímh rialúcháin | $M_1$ | $M_2$ | $M_3$ | $N_1$ | $N_2$ | $N_3$ | $O_1$ | $O_2$ | $O_3$ | $O_4$ |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 62 | Córas hidrigine | […./…/CE] | *A* | *A* | *A* | *A* | *A* | *A* | | | | |

6. In Aguisín XI, Iarscríbhinn 3, i bpointe 62 cuirfear an líne nua a leanas leis an tábla:

| Mír | Ábhar | Tagairt an ghnímh rialúcháin | $M_2$ | $M_3$ | $N_1$ | $N_2$ | $N_3$ | $O_1$ | $O_2$ | $O_3$ | $O_4$ |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 62 | Córas hidrigine | […../…/CE] | Q | Q | Q | Q | Q | | | | |

7. In Aguisín XI, Iarscríbhinn 4, i bpointe 62 cuirfear an líne nua a leanas leis an tábla:

| *Mír* | *Ábhar* | *Tagairt an ghnímh rialúcháin* | *Crann tógála soghluaiste i gcatagóir N3* |
|---|---|---|---|
| *62* | *Córas hidrigine* | *[…./…/CE]* | *X* |